Gnéasachas sa Spórt

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi ghradam a bronnadh ar Ada Hegerberg. Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat sula bhféachann tú ar an mír.

1. Cad é ábhar na míre, dar leat?
2. Cad atá ar eolas agat faoin scéal seo cheana féin?



Ceist 2 An féidir leat Gaeilge a chur ar na focail seo?

1. *rude* _____
2. *unsuitable* _____
3. *in this age of the **Me Too** movement* _____
4. *a step forward* _____
5. *feminist* _____
6. *prize* _____
7. *ridiculous* _____
8. *degradation* _____
9. *to lose out, suffer consequences of* _____
10. *challenges* _____
11. *allegations* _____

Anois, féach ar an tuairisc agus aimsigh an leagan Gaeilge de na focail thuas inti.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus cum cúig cheist faoin mír le cur ar an duine in aice leat.

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____

Cuir na ceisteanna a chum tú orthu anois.

Ceist 4 '…thíos le…'

Tá a lán briathra frásacha (*phrasal verbs*) i nGaeilge. Cad é an réamhfhocal simplí a théann leis na briathra seo thíos? Cuir in abairtí iad chun a mbrí a léiriú.

féach
cuir suas
éirigh
iarr
beir
cuir
teip

Ceist 5 '…Máire Úna Ní Bheaglaoich …'

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

1. An mbaineann tú úsáid as an leagan Gaeilge nó as an leagan Béarla de do shloinne? Cén fáth?
2. Cad is brí le ***Mac*** agus cad is brí le ***Ó***?
3. Tá iníon amháin agus mac amháin ag Antain Mac Gabhann. Aoife agus Ultan is ainm dóibh. Cén sloinne atá orthu, mar sin?
4. Tá iníon amháin agus mac amháin ag Seán Ó Conchúir. Máire agus Cian is ainm dóibh. Cén sloinne atá orthu?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine i do ghrúpa.

1. Cad a cheapann tú féin faoin méid a dúirt Martin Solveig le Ada Hegerberg?
2. An bhfuil cur amach agat féin ar an gcineál seo gnéasachais? Mínigh.
3. Tá feabhas tagtha ar an scéal maidir le comhionannas inscne le blianta beaga anuas. Conas?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

1.	*rude*	*mímhúinte*
2.	*unsuitable*	*mí-oiriúnach*
3.	*in this age of the **Me Too** movement*	*in aois seo na gluaiseachta **Me Too***
4.	*a step forward*	*céim chun cinn*
5.	*feminist*	*feimineach*
6.	*prize*	*duais*
7.	*ridiculous*	*áiféiseach*
8.	*degradation*	*ísliú céime*
9.	*to lose out, suffer consequences of*	*bheith thíos le rud*
10.	*challenges*	*dúshláin*
11.	*allegations*	*líomhaintí*

Ceist 3

Ceisteanna samplacha:
Cé hí Ada Hegerberg?
Cén fáth a bhfuil sí sa nuacht?
Cad a bhí le rá ag Réaltán Ní Leannáin faoin scéal?
Cad is brí leis an téarma Béarla a d'úsáid Réaltán Ní Leannáin?
Cad iad na dúshláin atá le sárú ag na mná ar fhoireann sacair na hAfganastáine?

Ceist 4

féach ar	*watch*
féach le	*try*
cuir suas le	*put up with*
éirigh as	*retire, quit, give up*
éirigh le	*succeed*
iarr ar	*ask*
beir ar	*catch*
cuir faoi	*live*
cuir as do	*annoy*
teip ar	*fail*

Ceist 5

1. Tuairimíocht atá i gceist.
2. Mac – son / Ó – grandson
3. Aoife Nic Gabhann / Ultan Mac Gabhann
4. Máire Ní Chonchúir / Cian Ó Conchúir

Ceist 6

Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a fhreagairt.

Eibhlín Ní Choistealbha
Tá cáineadh géar déanta ar an tslí ar bronnadh gradam mór idirnáisiúnta sacair ar imreoir cáiliúil aréir. Ba é seo an chéad uair riamh a bronnadh gradam *Ballon d'Or* ar bhean. Nuair a fógraíodh Ada Hegerberg ina buaiteoir, cuireadh ceist mhímhúinte agus mhí-oiriúnach[1] uirthi agus í ar an stáitse.

Caoimhe Ní Laighin
In aois seo na gluaiseachta *Me Too* agus díospóireachtaí eile, tá céimeanna chun cinn á nglacadh ó thaobh chearta na mban de. Aréir tógadh céim eile chun cinn, ach céim ar chúl ag an uair chéanna.

Martin Solveig
Est-ce que tu sais twerker?

Ada Hegerberg
Non.

Réaltán Ní Leannáin: Feimineach, Máthair, Údar
Bhuel anois, an chéad uair riamh a[2] bronnadh duais ar bhean don sacar, ag an *Ballon d'Or* sa Fhrainc. Agus, cén cheist a chuireann siad uirthi? An bhfuil tú in ann tvueirceáil? Tá sé áiféiseach.

Máire Úna Ní Bheaglaoich: Feimineach agus Ceoltóir
Is uafásach an rud é sin a dhéanamh le haon duine, aon duine, agus is iad na mná i gcónaí a bhíonn thíos leis an saghas ísliú céime seo.

Bríd Smith, TD, Dlúthpháirtíocht – Pobal Seachas Brabús
Bíonn cailíní an-óg ag féachaint ar *Ballon d'Or* agus cén saghas teachtaireachta a thugann an rud seo dóibh?

Caoimhe Ní Laighin
Níos gaire don bhaile, bhí gradam shárimreoirí peileadóirí ban na bliana ar siúl i mBaile Átha Cliath aréir, agus cén ceannteidil a bhí sna nuachtáin ar maidin?

Bríd Smith, TD, Dlúthpháirtíocht – Pobal Seachas Brabús
Ní déarfaí riamh faoi fhir sa GAA go bhfuil cultacha[3] deasa orthu, ach tá sé ceart go leor é seo a rá mar gheall ar mhná sa GAA.

Réaltán Ní Leannáin: Feimineach, Máthair, Údar
Tá níos mó iontu siúd ná 'coat hangers'.

Caoimhe Ní Laighin
Agus ar an taobh eile den domhan tá dúshláin níos mó fós le sárú ag mná i gcúrsaí spóirt. Tuairiscíodh inniu go bhfuil FIFA ag fiosrú líomhaintí faoi mhí-úsáid ghnéis atá déanta ag mná i bhfoireann sacair náisiúnta na hAfganastáine.
Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4.

[1] *mímhúinte agus mí-oiriúnach* a dúradh
[2] *gur* a dúradh
[3] *culaith* a dúradh